# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.74T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH - ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa bhosca seo: 

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA LEABHAR FREAGRAÍ SEO.

3. NÍ MÓR DUIT NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdatheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Olliomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH gCINN** DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA n-IARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**.

**(Tá cúig mharc ar gach ceist)**

**1.** Tá Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise ar cheann de na sainaicmí Críostaí in Éirinn.

Ainmnigh sainaicme Chríostaí eile in Éirinn ______________________________

**2.** Is soiscéal sionoptach é soiscéal Mhatha. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Léigh an liosta féiltí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda anseo thíos. Meaitseáladh féile amháin leis an reiligiún a mbaineann sí leis mar shampla duit. Meaitseáil **ceann amháin** eile.

| Féiltí Reiligiúnacha |
|---|
| An Cháisc |
| An Cháisc Ghiúdach* |
| Eid ul-Fitr |
| Diwali |
| Wesak |

* nó "An Pasóvar"

| Reiligiúin |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | An Cháisc | An Chríostaíocht |
| **Freagra** | | |

**4.** Tá daonnachtaí den tuairim nár chóir do dhuine, agus brí á lorg sa bheatha aige, a bheith ag brath ar an osnádúr ná ar chreideamh i nDia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** Is samplaí de chineálacha urnaí iad rinnfheitheamh agus achainí.
Ainmnigh cineál eile urnaí ______________________________

**6.** Nuair a ghníomhaíonn daoine go hionraic bíonn siad á n-iompar féin go mímhacánta.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Léigh liostaí na dtéacsanna beannaithe agus na reiligiún domhanda anseo thíos. Meaitseáladh téacs beannaithe amháin leis an reiligiún a mbaineann sé leis mar shampla duit. Meaitseáil **ceann amháin** eile.

| Téacsanna Beannaithe |
|---|
| Na Véidí |
| Na Scioptúir Eabhraise |
| An Qur'an |
| Tripitaka |
| Soiscéal |

| Reiligiúin |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | Soiscéal | An Chríostaíocht |
| **Freagra:** | | |

**8.** D'fhás Íosa aníos i mbaile - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Bheithil ☐ Iarachó ☐ Nazarat ☐

**9.** Léigh liostaí na siombailí reiligiúnacha agus na reiligiún domhanda anseo thíos. Meaitseáladh siombail reiligiúnach amháin leis an reiligiún a mbaineann sí leis mar shampla duit. Meaitseáil ceann **amháin** eile.

| **Siombailí Reiligiúnacha** | **Reiligiúin** |
|---|---|
| Cros<br>Réalt Dháibhí<br>Corrán Gealaí<br>Roth na nOcht Spóca<br>Lampa Deva | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

**Sampla:**

| | |
|---|---|
| Cros | An Chríostaíocht |

**Freagra:**

| | |
|---|---|
| | |

**10.** Is féidir a rá gur tréith dhaonna é an léirsmaoineamh ina bhfuil machnamh i gceist agus ina dtagann duine ar thuiscint ar a c(h)uid mothúchán agus gníomhartha féin. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**11.** Sampla de chód morálta is ea na Deich nAitheanta.

Ainmnigh cód morálta eile________________________________________

**12.** Is gné den adhradh iad gníomhartha ina dtugtar ómós do Dhia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**13.** Is ionann mairtíreacht agus________________________________________

____________________________________________________

**14.** Parabal amháin a d'inis Íosa ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Roinnt na Mara Rua ☐ Athbheoú iníon Iárais ☐ Filleadh an Mhic Dhrabhlásaigh ☐

**15.** Is duine é fáidh a fhoilsíonn toil Dé. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**16.** Is sampla amháin de dheasghnáth é searmanas pósta.
Ainmnigh sample eile de dheasghnáth____________________________________

**17.** Orthu féin amháin a smaoiníonn daoine atá aibí ina moráltacht agus iad ag teacht ar chinneadh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**18.** Cé acu reiligiún in Éirinn a luaitear an Dr. Yaakov Pearlman leis mar cheannaire?______________

**19.** Is é a thugann Críostaithe ar thuirlingt an Spioraid Naoimh ar na deisceabail tar éis bháis d'Íosa ná -

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Deascabháil ☐ An Chincís ☐ An tAiséirí ☐

**20.** Sna traidisiúin reiligiúnacha is é is siosma ann ná________________________________

____________________________________________________

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA FÓTAGRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 10 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1. Seo fótagraf d'ainmhithe sorcais agus iad á mbeannú.**




*Photo: Kim Haughton*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint gur searmanas reiligiúnach é seo.

______________________________

(2 mharc)

**B.** Mínigh an chaoi ar sampla de mhaoirseacht é seo.

______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** shampla eile de mhaoirseacht.

i. ______________________________


______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**Ceist 2. Seo fótagraf de shiúr rialta agus í ag tabhairt sóláis do phríosúnach atá daortha chun báis.**



*Saint Mary's Press*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint go bhfuil an tsiúr ag tabhairt sólais don phríosúnach.

______________________________

(2 mharc)

**B.** Luaigh **dhá** chúis a n-oibreodh pearsa reiligiúnach le príosúnaigh ar an gcaoi seo.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**C.** Luaigh éifeacht dhearfach **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an obair seo ar an bpríosúnach


______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**Ceist 3. Seo fótagraf de chailín óg agus í ag súgradh le balún.**



*Vertias-Adapted*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint gur eispéireas iontais agus gliondair ag an gcailín é seo.

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Breith linbh, áilleacht an dúlra, agus ceol, sin cuid de na heispéiris a d'fhéadfadh iontas agus gliondar a spreagadh sa duine. Cad a chiallaíonn an nath "iontas agus gliondar"?

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Spreagann eispéiris iontais agus ghliondair daoine chun ceisteanna a chur faoi bhrí na beatha. Tabhair dhá shampla de cheisteanna dá leithéid sin.

i. ________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4. Seo fótagraf de ghrúpa daoine agus iad i mbun paidreoireachta.**



*Flame Tree Publishing 2002*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo ag cur a gcreidimh reiligiúnaigh, in iúl.

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Luaigh **dhá** chúis a gcuirfeadh daoine a gcreideamh in iúl ar an gcaoi seo.

i. ________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

(4 mharc)

**C.** Cuid den adhradh í an rannpháirtíocht. Luaigh an chaoi ar féidir an rannpháirtíocht a shonrú san fhótagraf seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________


(4 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CESTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN t-ALT SEO A LEANAS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA THÍOS.



*Cuairt ar Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise i mBaile Átha Cliath*

Tá pobal 850 comhalta ag Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise i mBaile Átha Cliath. Is í an eaglais i gCrosaire Arailt i mBaile Átha Cliath an eaglais Cheartchreidmheach Rúiseach is sia siar san Eoraip. Tagann an pobal le chéile chun adhradh a dhéanamh gach Domhnach in Eaglais Naoimh Peadar agus Naoimh Pól. Caitheann mná scairfeanna ar a gceann ag dul isteach san eaglais dóibh. Tá fógra taobh leis an doras ag iarraidh ar dhaoine a gcuid fón póca a mhúchadh. Tá bord beag ar an mbealach isteach ar a scríobhann daoine achainithe ar bhlúirí páipéir. Tá léachtán i lár na heaglaise ar a bhfuil íocón agus dhá choinnleoir práis mhaisiúla ar gach taobh. Tógann daoine coinnle ar a slí isteach le lasadh mar ofrálacha ag an léachtán láir. Umhlaíonn siad agus pógann siad an t-íocón. Baineann siad leis an íocón le clár a n-éadain agus téann cuid acu ar a nglúine roimhe agus umhlaíonn siad a gceann go talamh.
Ardaíonn roinnt tuismitheoirí a gcuid páistí chun gur féidir leo teagmháil leis an íocón. Tá íocóin bheaga i bhfrámaí simplí ar leacacha na bhfuinneog. Tugann tú faoi deara, agus tú ag dul isteach i gcroílár na heaglaise, roinnt daoine ag imeacht ó íocón go chéile, ag pógadh gach ceann díobh, agus ansin ag umhlú agus ag guí os a gcomhair. Tá scuaine fhada daoine freisin ag fanacht go foighdeach chun dul faoi bhráid sagairt atá ag éisteacht faoistine i gcúinne, toisc nach bhfuil aon bhoscaí faoistine san eaglais. Seirbhís dhá uair an chloig a bhíonn ann ar an Domhnach, agus í canta den chuid is mó. Déagánach na heaglaise, "guth an phobail" mar a thugtar air, a bhíonn ina cheann ar an gcanadh. Cuidíonn cór leis agus iad ag canadh ón mbalcón. Seasann an pobal i gcaitheamh an tsearmanais. Níl aon suíocháin san eaglais seachas binse nó dhó leis na ballaí. Déanann an sagart an liortúirge a cheiliúradh laistiar de scáthlán mór adhmaid ar a bhfuil íocóin péinteáilte d'Íosa, de Mhuire agus de na hAingil. Seasann geata láir sa scáthlán do gheataí na bhFlaitheas. Spás simplí atá san ionad laistigh den scáthlán ina gceiliúrann an sagart an liotúirge, agus taibearnacal beag, altóir agus bord ann.
Bíonn an pobal Ceartchreidmheach Rúiseach ag brath ar chúnamh ó dheontóirí agus urraí chun an eaglais, a bhí in anchaoi nuair a ghlacadar ar láimh í, a chóiriú agus a choinneáil. Chaitheadar na híocóin ar fad agus an fearas a fháil ón Rúis. D'oibrigh oibrithe deonacha ar feadh mórán seachtainí, ón a sé a chlog tráthnóna go meán oíche, le go mbeadh sí réidh do cheiliúradh na Cásca. Is cosúil go bhfuil ríméad ar an bpobal go bhfuil a bhfoirgneamh eaglaise féin acu anois. Is é a dúirt fear amháin: "Ní hé amháin gur áit é seo chun ár gcreideamh a chleachtadh. Is bonn le haghaidh an phobail againne é. Tá sé tábhachtach go bhfásfadh ár gcuid páistí aníos ar an mbealach traidisiúnta, lenár gcuid luachanna agus le gach rud eile a fhaighimid ónár sinsir." Is léir gur breá leis na daoine a bhíonn ag adhradh in Eaglais Naoimh Peadar agus Naoimh Pól, ina gcroí istigh, an fhoirmeáltacht, an túis agus an ceol a ghabhann leis na searmanais agus leis na deasghnátha.

*Foinse: Irish Independent & The Irish Times*

**1.** Roghnaigh **dhá** dheasghnáth atá luaite san alt seo agus mínigh an méid a chuireann gach ceann díobh in iúl faoi chreideamh duine.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(12 mharc)

**2.** Ón léamh atá déanta agat ar an alt seo tabhair cuntas ar **dhá** bhealach a léiríonn daoine go bhfuil íocóin tábhachtach i gcás chomhaltaí den Eaglais Cheartchreidmheach Rúiseach.

i.

ii.

(12 mharc)

**3.** Samhlaigh gur tuairisceoir tú atá ag déanamh agallaimh le péintéir íocón. Le linn an agallaimh cuireann tú an cheist: "Cén fáth a dtugtar pictiúir shiombaileacha ar íocóin?" Scríobh an fhreagra a thugann an péintéir ar an gceist seo.

(14 mharc)

**4.** Cén chaoi a dtaispeánann an t-alt seo an bhrí atá le **dhá cheann ar bith** de na focail seo a leanas:

- Creideamh
- Naofacht
- Traidisiún
- Féiniúlacht

i.

ii.

(12 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 50 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. SCÉAL CREIDIMH

**A.** Roghnaigh ceann **amháin** de na reiligiúin dhomahanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air:

- An Chríostaíocht
- An Búdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas
- An Giúdachas

Ainm an reiligiúin dhomanda:________________________________________

Ainmnigh bunaitheoir/lucht leanúna luath an reiligiúin dhomanda seo________________________

(10 marc)

**B.** Déan cur síos ar eachtra thábhachtach **amháin** a thug ionspioráid do bhunaitheoir/lucht leanúna luath an reiligiúin dhomhanda seo.

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

(20 marc)

**C.** Mínigh go hachomair an chaoi ar féidir breathnú ar an eachtra a bhfuil cur síos air thuas mar inspioráid do lucht leanúna an chreidimh seo inniu.

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________

________________________________________________________


________________________________________________________

(20 marc)

**Ceist 2.** **AN PHAILISTÍN LE LINN ÍOSA**

**A.** a. Ainmnigh gach ceann de na cúigí sna spásanna atá marcáilte ar an léarscáil thíos:

(4 mharc ar gach freagra)




b. Rianaigh **dhá** chúis a raibh drochmheas ag daoine le linn Íosa ar na Samáraigh.

i.

ii.

(12 mharc)

**B.** Tréith a bhaineann le ríocht Dé de réir theagasc Íosa is ea "ionad speisialta na mbochtán".

a. Rianaigh míorúilt **amháin** a rinne Íosa agus mínigh an chaoi a dtaispeánann sé an tréith seo i ngníomh.

(14 mharc)

b. Déan cur síos ar shampla amháin den chaoi ar féidir an tréith seo de ríocht Dé a shonrú i ngníomhartha Chríostaithe inniu.

(12 mharc)

## Ceist 3. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

Samhlaigh go bhfuil tú ag tionlacan grúpa ógánach ar thuras go dtí ionad oilithreachta do chomhaltaí de mhór-reiligiún domhanda. Roghnaigh ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air:

◆ an Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

Ainm an reiligiúin dhomhanda: ______________________________

**A.** Ainmnigh ionad oilithreachta **amháin** a bhaineann leis an reiligiún domhanda atá roghnaithe agat______________________ (10 marc)

**B.** Déan cur síos ar **dhá** dheasghnáth nó shearmanas bheannaithe a bhféadfadh daoine páirt a ghlacadh iontu nó breathnú orthu ag an ionad oilithreachta seo.

i. ____________________________________________

ii. ____________________________________________

(20 marc)


**C.** Déan comparáid idir gné **amháin** de chreideamh nó de chleachtas chomhaltaí an reiligiúin dhomanda seo le creideamh agus le cleachtas Chríostaithe.

(20 marc)

**Ceist 4. AN CREIDEAMH INNIU**

**A.** Tabhair mionchuntas ar dhearcadh domhanda reiligiúnach ar chruthú na cruinne.

**‘IS É DEARCADH DOMHANDA ANN NÁ ROINNT BUNTUISCINTÍ ATÁ AGAINN AR BHUNDAMHNA AN DOMHAIN AGAINN.’**




(15 mharc)

**B.** a. Luaigh cosúlacht **amháin** idir an dearcadh eolaíoch agus an dearcadh reiligiúnach ar an gcruthú agus mínigh an chaoi a bhfuil siad cosúil le chéile.

(10 marc)

b. Luaigh éagsúlacht **amháin** idir an dearcadh eolaíoch agus an dearcadh reiligiúnach ar an gcruthú agus mínigh an chaoi a bhfuil siad éagsúil le chéile.

(10 marc)

**C.** Tá, anseo thíos, roinnt dearcadh domhanda a d'fhéadfadh a bheith ina ndúshláin ag creideamh daoine.
Cuir tic ✓ le ceann **amháin** agus mínigh sa spás thíos an chaoi a bhféadfadh sé a bheith ina dhúshlán ag creideamh duine.

Agnóiseachas ☐ Aindiachas ☐ Tuatachas ☐

(15 mharc)

## Ceist 5. An Rúndiamhair

**A.**

*Ráiteas Uimhir 1*

"Is rúndiamhair é gach duine daonna nach mór a fhoghlaim go mall, le hómós, le cúram, le grámhaireacht agus le pian, agus nach bhfoghlaimítear go hiomlán choíche." - *Anaithnid*

*Ráiteas Uimhir 2*

"Im shúile-se níl aon ní simplí; rúndiamhair é go huile. Uaireanta, áfach, bíonn tóirse istigh im cheann a dhéanann gach rud soiléir, ach nuair a theipeann ar an solas ní bhíonn agam ach íomhánna…" - *W. B. Yeats*

*Ráiteas Uimhir 3*

"Ní balla í rúndiamhair a mbuaileann tú do cheann ina choinne, ach aigéan a dtumann tú ann. Ní oíche í rúndiamhair; is í an ghrian í chomh lonrach sin nach dtig linn stánadh uirthi…" - *E. Joly*

a. Cé acu de na ráitis thuas is fearr a dhéanann cur síos ar an teagmháil le rúndiamhair sa saol? Mínigh do rogha.

(10 marc)

b. Is minic a fhéachann daoine ar ais ar an saol agus a aithníonn siad eispéireas na rúndiamhaire ag tráthanna áirithe agus in áiteanna áirithe. Luaigh eispéireas saoil **amháin** agus mínigh an chaoi a bhféadfadh sé bheith ina ábhar rúndiamhaire ag duine.

(15 mharc)

**B.** a. Uaireanta, cuireann daoine eispéireas na rúndiamhaire in iúl trí adhradh. Luaigh sampla **amháin** d'ahradh ina gcuireann daoine eispéireas na rúndiamhaire sa saol in iúl.

(10 marc)

b. Mínigh an chaoi a gcuidíonn an gníomh adhartha seo le daoine eispéireas na rúndiamhaire sa saol a chur in iúl.

(15 mharc)

## Ceist 6. Teacht ar Chinneadh morálta

Samhlaigh go bhfuil tú ar thraein agus go bhfuil fear agus bean ina suí os do chomhair. Le linn an turais fágann an bhean a suíochán gan a mála a thabhairt léi. Nóiméad ina dhiaidh sin feiceann tú an fear ag fáil réidh chun imeacht den traein agus mála na mná faoina chóta.

**A.** Déan cur síos ar **dhá** bhealach chun déileáil leis an eachtra seo.

i.

ii.

(14 mharc)

**B.** Mínigh na torthaí a bheadh ar **cheann** amháin de na bealaí thuas chun déileáil leis an eachtra seo i gcás **gach duine** díobh seo a leanas:

AN BHEAN -

AN FEAR -

TÚ FÉIN -

(15 mharc)

**C.** Mínigh an chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag fís mhorálta reiligiúnach duine ar a chinneadh sa chás áirithe seo.

(21 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH LEIS AN ROINN SEO.**

FREAGAIR CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**Ceist 1.**
Iarrtar ort alt a scríobh ar an eagrú agus ar an gceannaireacht i bpobal **amháin** creidimh a ndearna tú staidéar air. San alt, ba chóir duit tagairt a dhéanamh don tábhacht a bhaineann le **dhá cheann** díobh seo a leanas:

- Comhoibriú
- Comhroinnt
- Cumarsáid

**Ceist 2.**
"Duine díobh ab ea Aindrias, deartháir Shíomóin Peadar. D'aimsigh sé ar dtús a dhearthár Síomón agus dúirt sé leis: "Tá an Meisias aimsithe againn." (Ciallaíonn an focal seo "Críost") Thug sé Síomón ansin chun Íosa." (Eoin1:40-42) *Bíobla an Dea-Scéala*

"Duine den bheirt a chuala Eoin ag caint agus a lean é ab ea Aindrias, deartháir Shíomóin Peadar. D'aimsigh sé ar dtús a dhearthár Síomón agus dúirt sé leis, 'Tá an Meisias aimsithe againn' (a aistrítear mar Ungthach). Thug sé Síomón chun Íosa..." (Eoin 1:40 –42) *An Leagan Nua Cóirithe Caighdeánach*

"Duine den bheirt seo a lean Íosa, tar éis dó a ndúirt Eoin a chlos, ab ea Aindrias, deartháir Shíomóin Peadar. Go moch an mhaidin dár gcionn, casadh Aindrias ar a dhearthár agus dúirt sé leis, 'D'aimsíomar an Meisias' - a chiallaíonn an Críost - agus thug sé Síomón chun Íosa." (Eoin 1:40 - 42) *Bíobla Iarúsailéim*.

a. Déan cur síos ar eachtra eile as na Soiscéil inar thug daoine an teideal "An Meisias" ar Íosa.

b. Mínigh an chaoi a raibh tionchar ag úsáid an teidil seo ar chreideamh agus ar chleachtas an phobail luathChríostaí.

**Ceist 3.**
Iarrtar ort alt a scríobh ar cheannaire i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas
- An Giúdachas

Ba chóir duit, san alt, ról an cheannaire a rianadh maidir le **dhá** phointe díobh seo a leanas:

- Struchtúr an phobail
- An lucht leanúna/na deisceabail
- An Traidisiún

**Ceist 4.**
Samhlaigh gur iarradh ort caint a thabhairt, ag oíche na dtuismitheoirí i mbunscoil, ar na difríochtaí idir creideamh páiste agus creideamh déagóra. Rianaigh an chaint a dhéanfá agus cur síos a dhéanamh agat ar dhá rud a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an mbealach a bhféadfadh creideamh páiste fás ina chreideamh níos aibí.

**Ceist 5.**
Rianaigh an tábhacht a bhaineann le paidreoireacht i gcás chomhaltaí reiligiúin dhomhanda **amháin** díobh seo a leanas a ndearna tú staidéar air.

- An Chríostaíocht
- An Búdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas
- An Giúdachas

Ba chóir duit, i do fhreagra, cur síos a dhéanamh ar **dhá** chineál paidreoireachta atá tábhachtach sa traidisiún seo agus a mhíniú cén fáth a bhfuil siad tábhachtach dá chomhaltaí.

**Ceist 6.**

Rianaigh an obair ar son na síochána ag ceannaire reiligiúnach amháin nó pobal creidimh. I do fhreagra ba chóir duit cuntas a thabhairt ar an bhfís mhorálta reiligiúnach atá mar bhonn leis an obair seo.

DEIMHNIGH LE DO THOIL GO LÉIRÍONN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FHREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___

LEATHANACH BÁN